Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6029/23**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2023 |
| chuig: | Johanna LYBECK LILJA, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 03/2023.

Faoi iamh: DEC 03/2023

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 2/02/2023

BUISÉAD GINEARÁLTA - 2023
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 14, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **NOLL 03/2023**

---

**<u>Ó</u>**

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 04 01 An cúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála (SEAR) | Gealltanais | -185 000 000.00 |
| | Íocaíochtaí | -185 000 000.00 |

**<u>GO DTÍ</u>**

**CAIBIDIL -** 14 03 Cabhair Dhaonnúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 14 03 01 Cabhair Dhaonnúil | Gealltanais | 185 000 000.00 |
| | Íocaíochtaí | 185 000 000.00 |

Fógraíodh sa nuashonrú deireanach (lár 2022) a rinneadh ar Thuarascáil Dhomhanda 2022 maidir le Géarchéimeanna Bia gur mhó an daonra a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar na trí chéim is airde de neamhshlándáil ghéar an tsoláthair bia (IPC3 agus os a chionn) ná ag aon phointe i stair na Tuarascála. De réir an Chláir Dhomhanda Bia (WFP)[1], tháinig méadú ar líon na ndaoine ar fud an domhain atá sa chatagóir thromchúiseach sin ó 270 milliún in 2021 go dtí thart ar 349 milliún in 2022, ar méadú thart ar 200 milliún duine é i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

Tugadh le fios i dTuarascáil Dhomhanda 2022 go raibh 193 mhilliún duine thíos leis an neamhshlándáil ghéar sin sa soláthar bia faoi dheireadh 2021, sna 53 thír/chríoch a ndearnadh suirbhé orthu, figiúr ar méadú mór (25 %) é i gcomparáid leis an staid a bhí ann ag deireadh 2020. In 2021, tuairiscíodh go raibh beagnach 40 milliún duine i staid éigeandála bia (céim 4 de IPC/CH agus os a chionn) in 36 thír — is é sin, céim amháin ar shiúl ón ngorta, agus aithníodh i gceithre thír dálaí ar cosúil le gorta iad (Céim 5 de IPC/CH), rud a dhéanann difear do leathmhilliún duine san iomlán.

Tá an staid tar éis dul in olcas ó bhí sonraí lár 2022 ann. Is í an choinbhleacht is mó a chuireann an t-ocras chun cinn (60 % de na daoine atá ag dul i ngleic leis an ocras, tá siad ina gcónaí i réigiúin atá thíos leis an gcogadh agus leis an bhforéigean). Tá tionchar an-diúltach á imirt ag iarmhairtí an chogaidh san Úcráin ar shlándáil an tsoláthair bia. Is é is toradh air sin go bhfuil staidreamh 2021 agus na luathbhliana 2022 maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia — an staidreamh is airde a bhí ann riamh — tar éis dul in olcas, ós rud é gur chuir an cogadh isteach ar phraghsanna bia, ar sholáthairtí agus ar phraghas an fhuinnimh agus na leasachán. Tá tionchar mór á imirt ar an staid sin freisin ag an athrú aeráide agus ag a éifeachtaí: tá barra agus slite beatha á scriosadh, agus dá bhrí sin, níl ar chumas daoine iad féin a bheathú.

Ní méid na neamhshlándála bia amháin a mhéadaigh in 2022, ba dhéine í freisin. Leis an nuashonrú is déanaí ar an ‘Hunger Hotspot Analysis’[2] [Anailís ar na Teophointí Ocrais] — anailís luathrabhaidh ar chásanna inar dócha go ngéaróidh ar fhadhb na neamhshlándála bia sna míonna amach romhainn — dearbhaítear go bhfuil baol gorta ann sa Nigéir, sa tSúdáin Theas, sa tSomáil, in Éimin, san Afganastáin agus san Aetóip, agus tuartar san anailís go dtiocfaidh méadú ar dhálaí ar cosúil le gorta iad (céim 5 de IPC/CH) go dtí beagnach milliún duine faoi dheireadh 2022. (Féach Iarscríbhinn I)

Ní dócha go dtiocfaidh feabhas ar an staid in 2023, i bhfianaise thionchar an chogaidh san Úcráin ar sholáthar agus ar tháirgiúlacht na talmhaíochta. Níor gabhadh go hiomlán fós tionchar iomlán ionradh na Rúise ar an Úcráin, ós rud é go ndearnadh cuid de na hanailísí a breithníodh sna tuarascálacha is déanaí sular leath éifeachtaí corraíola an ionraidh amach ina n-iomláine. Ba cheart léargas níos soiléire agus níos iomláine a bheith ar fáil sa chéad Tuarascáil Dhomhanda eile (atá le heisiúint i mí Aibreáin 2023).

Níor éirigh leis an gCoimisiún acmhainní a shainaithint atá ar fáil faoi Cheannteideal 6, an Chomharsanacht agus an Domhan. Dá bhrí sin, iarrann sé ar an gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála EUR 185 mhilliún san iomlán a shlógadh i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun tacú leis na géarchéimeanna slándála bia san Afraic agus in Éimin, agus leis an ngéarchéim ilearnálach i Veiniséala.

Amhail an 24 Eanáir 2023, an ráta foriomlán a bhí ann maidir le cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoin gcaibidil um chabhair dhaonnúil 14 03, bhí sé cothrom le 84 % de na leithreasuithe a bhí ar fáil, agus bhí ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí cothrom le 7 %.

---

1 Géarchéim dhomhanda maidir le bia | An Clár Domhanda Bia (wfp.org)

2 https://docs.wfp.org/api/documents/WFP-0000142656/download/?_ga=2.202498841.948821412.1674657567-766872473.1674657567

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**30 04 01 - An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR)**

### b) Figiúirí an 25/01/2023

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 274 897 000.00 | 1 274 897 000.00 |
| 2 Aistrithe | 0.00 | 0.00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 1 274 897 000.00 | 1 274 897 000.00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0.00 | 0.00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **1 274 897 000.00** | **1 274 897 000.00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **185 000 000.00** | **185 000 000.00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **1 089 897 000.00** | **1 089 897 000.00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 14.51 % | 14.51 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0.00 | 0.00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 25/01/2023 | 0.00 | 0.00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

De réir Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, beartaítear leis an gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála go mbeifear in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh a sholáthar chun freagairt do chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, ciste a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle; agus (b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha tar éis imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a leagadh an buiséad síos, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcásanna ina bhfuil bagairtí ar an tsláinte phoiblí, bagairtí tréidliachta nó fíteashláintíochta ar mórscála ann, chomh maith le cásanna a bhfuil brú faoi leith ag baint leo ag teorainneacha seachtracha an Aontais mar thoradh ar shreafaí imirce, i gcás inar gá sin sna himthosca.

An chéad slógadh sin faoi na gníomhaíochtaí seachtracha, cuimsíonn sé 53 % de na leithreasuithe atá ar fáil faoi SEAR atá forchoimeádta do na riachtanais éigeandála i dtríú tíortha le haghaidh na tréimhse go dtí an 1 Meán Fómhair 2023.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**14 03 01 – Cabhair Dhaonnúil**

### b) Figiúirí an 25/01/2023

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 687 002 967.00 | 1 747 484 500.00 |
| 2 Aistrithe | 0.00 | 0.00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 1 687 002 967.00 | 1 747 484 500.00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 1 410 197 967.00 | 123 218 267.75 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **276 805 000.00** | **1 624 266 232.25** |
| **6 An méadú a iarradh** | **185 000 000.00** | **185 000 000.00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **461 805 000.00** | **1 809 266 232.25** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 10.97 % | 10.59 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 1 738 235.22 | 18 411.83 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 25/01/2023 | 1 729 235.22 | 6 360.37 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0.52 % | 65.45 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

Iarrann an Coimisiún ar an gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála EUR 185 mhilliún san iomlán a shlógadh i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun tacú leis na géarchéimeanna slándála bia san Afraic agus in Éimin, agus leis an ngéarchéim ilearnálach i Veiniséala, mar a shonraítear thíos.

Slándáil bia – EUR 164 mhilliún

- An Afraic – EUR 138 milliún

  San Afraic, beidh sé ríthábhachtach cúnamh bia a réamhshuí agus a sheachadadh go tráthúil chun go n-imreofar tionchar níos fearr ar na pobail lena mbaineann sula n-éireoidh a staid níos measa fós. Tá sé fíor-riachtanach gníomh a dhéanamh roimh an 'séasúr crua'.

  Tá aghaidh á tabhairt ag an Afraic ar an ngéarchéim bia is measa a bhí aici le 40 bliain anuas. Tosca domhanda is cúis leis na corraíolacha millteacha ar fud an domhain, tosca amhail drochthionchar leanúnach an athraithe aeráide agus doimhniú ar an ngéarchéim eacnamaíoch arna ghéarú le fogha na Rúise faoin Úcráin, a bhfuil boilsciú ar fud an domhain dá bharr, mar aon le borradh faoi phraghsanna domhanda bia. Gach géarchéim ina bhfuil daonraí ar chéim IPC4 nó os a chionn, is géarchéim í atá 'céim amháin ar shiúl ón ngorta'.

  I bhfianaise na píblíne cistiúcháin atá ann faoi láthair, agus i bhfianaise na n-athruithe is déanaí ar na riachtanais agus a séasúracht, díreofar ar Iarthar agus Lár na hAfraice, ar an tSomáil, ar an tSúdáin agus ar an tSúdáin Theas, ar an Afraic Theas agus ar Mhadagascar.

- Éimin – EUR 26 mhilliún

  In Éimin, tá gá le cistí chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhaonra atá thíos le tionchar comhcheangailte an fhoréigin armtha, na géarchéime eacnamaíche agus na míshocrachta maidir le seirbhísí poiblí. Tá méadú ag teacht fós ar neamhshlándáil ghéar an tsoláthair bia, rud atá níos measa fós mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Is ag Éimin a bhí an scór is airde ar domhan ar an Innéacs Domhanda maidir leis an Ocras (GHI). In 2022, rinneadh níos lú ná 54 % den Phlean Freagartha Daonnúla a chistiú. Bhí laghduithe ar an gcúnamh bia ann dá bharr sin, chomh maith le laghduithe in earnálacha gníomhaíochta atá dírithe ar bheatha daoine a shábháil, amhail cothú, uisce, sláinteachas agus sláintíocht, agus sláinte. Tá roinnt réigiún sa tír i staid gorta (IPC5) cheana féin.

Veiniséala – géarchéim chasta – EUR 21 mhilliún

Tá an staid dhaonnúil uafásach fós, agus tá na riachtanais sna príomhearnálacha uile ag dul i méid, ós rud é go bhfuil an ghéarchéim pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch i Veiniséala fós chomh tromchúiseach céanna. Ní móide go dtiocfaidh feabhas ar na dálaí maireachtála sa ghearrthéarma agus beidh tionchar leantach an-mhór aige sin ar an 19.7 milliún duine a bhfuil gá acu le cúnamh daonnúil (as measc daonra 28.7 milliún). Léirigh an Suirbhé Náisiúnta ar Theaghlaigh ráta fíorbhochtaineachta de 76.6 % don bhliain 2021, agus ráta iomlán bochtaineachta de 95.4 %. Is í géarchéim Veiniséala an ghéarchéim easáitithe is mó sa réigiún, agus cumhdaítear le freagairt an Aontais an staid laistigh de Veiniséala agus sa réigiún máguaird araon, tráth atá 7.1 milliún duine tar éis an tír a fhágáil.

Laistigh de Veiniséala, tá méadú go dtí 18.7 milliún duine tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil a slí bheatha ídithe acu nó nach bhfuil go leor le hithe acu, líon níos airde ná riamh (i gcomparáid le 9.3 milliún Veiniséalach a tuairiscíodh sa Chlár Domhanda Bia in 2019). Ar bhonn réigiúnach, tá tionchar mór á imirt ag an ngéarchéim ar thart ar 6.9 milliún duine, ar daoine iad nach bhfuil slán ó thaobh an tsoláthair bia de agus atá ag brath go mór ar chabhair dhaonnúil chun bunriachtanais agus slite beatha gearrthéarmacha a dheimhniú.

**ANNEX I**

Figure 1 : Early warning hunger hotspots






Figure 2 : Number of people in acute food insecurity




Source: Global Network against Food Crises. 2022. Hunger Hotspots. FAO-WFP early warnings on acute food insecurity: October 2022 to January 2023 Outlook, Rome.

https://www.fightfoodcrises.net/fileadmin/user_upload/fightfoodcrises/doc/resources/HungerHotSpots2022.pdf

## ANNEX II

## COMMISSION TRANSFER PROPOSALS RELATED TO THE SOLIDARITY AND EMERGENCY AID RESERVE IN 2023

The table below shows the transfer proposals transmitted to the Budgetary Authority to date during 2023, which relate to the Solidarity and Emergency Aid Reserve (SEAR), and the remaining amount under the SEAR reserve following the approval of these proposals.

| Commitment Appropriations 2023 Reserve (EUR) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Transfer Ref** | **Content** | **TOTAL** | *carried over* | *voted budget* | ***Internal*** *(excluding EUSF)* | ***EUSF*** | ***External*** | *End-of-Year Cushion (25%)* |
| | **General Budget 2023 - Initial appropriations** | **1 374 897 000** | *0* | *1 374 897 000* | ***149 050 912*** | ***496 836 375*** | ***347 785 463*** | ***331 224 250*** |
| | General Budget 2023 - EUSF advances *(Article 4a EUSF Regulation)* | -50 000 000 | | *-50 000 000* | | -50 000 000 | | |
| DEC 03 | Mobilisation of the SEAR for the food crises in Africa and in Yemen as well as the multisectoral crisis in Venezuela | 185 000 000 | | *185 000 000* | | | 185 000 000 | |
| | **Total DEC transfer proposals** | **185 000 000** | *0* | *185 000 000* | **0** | **0** | **185 000 000** | **0** |
| | **Remainder** | **1 139 897 000** | ***0*** | ***1 139 897 000*** | **149 050 912** | **446 836 375** | **162 785 463** | **331 224 250** |